Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2026
(OR. en)

5206/26

LIMITE

CORLX 25
CFSP/PESC 35
RELEX 20
COEST 10
FIN 24

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise[1], agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2642.

(2) An 18 Nollaig 2025, d'fhoilsigh Toscaireacht an Aontais chuig na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) i Vín ráiteas maidir le gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise i réigiún ESCE. D'athdhearbhaigh Toscaireacht an Aontais go bhfuil feachtais hibrideacha á bhfearadh ag an Rúis ar an Aontas agus ar na Ballstáit le blianta anuas; go bhfuil méadú breise tagtha ar na gníomhaíochtaí mailíseacha a bhíonn á ndéanamh aici ó thosaigh sí ag cur cogadh foghach ar an Úcráin agus gur rídhócha go leanfaidh siad ar aghaidh go ceann i bhfad.

(3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé go daingean gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 6 dhuine nádúrtha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2642 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '60. | Dmitry Viktorovich GUBERNIEV<br>(Rúisis:Дмитрий Викторович ГУБЕРНИЕВ) | Feidhm: láithreoir teilifíse, iriseoir, tráchtaire spóirt; comhairleoir d'ardstiúrthóir an chainéil bolscaireachta teilifíse 'Russia'; comhairleoir d'Aire Spóirt Chónaidhm na Rúise. | Is láithreoir teilifíse, iriseoir agus tráchtaire spóirt Rúiseach é Dmitry Guberniev agus is é comhairleoir d'ardstiúrthóir an chainéil bolscaireachta teilifíse 'Russia', chomh maith le comhairleoir d'Aire Spóirt Chónaidhm na Rúise.<br>Is pearsa phoiblí é Guberniev a bhfuil leas á bhaint aige as an éileamh atá air agus an tionchar atá aige sa réimse poiblí chun bolscaireacht na Rúise a scaipeadh agus chun údar a thabhairt do chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin. Thacaigh sé le hionghabháil na Crimé in 2014. Bhí sé ar dhuine d'óstaigh an tslógaidh bolscaireachta mar thaca leis an gcogadh foghach ar an Úcráin, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Tá Guberniev ina óstach ar roinnt ceolchoirmeacha eile ar son mheaisín cogaidh na Rúise nó Vladimir Putin. | + |

\+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Dáta breithe: 6.10.1974<br>Áit bhreithe: Drezna, réigiún Mhoscó, Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (APSS) (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Dmitry Guberniev ar dhuine d'ionadaithe iontaofa Vladimir Putin i dtoghcháin uachtaránachta 2024.<br>Dá bhrí sin, tá Dmitry Guberniev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sé á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 61. | Ekaterina Sergeevna ANDREEVA<br><br>(Rúisis: Екатерина Сергеевна АНДРЕЕВА) | Feidhm: láithreoir teilifíse, iriseoir bolscaireachta agus eagarthóir Rúiseach; óstach agus príomhaghaidh phoiblí an chláir nuachta 'Vremya' ar 'Channel One' ó 1997 i leith<br><br>Dáta breithe: 27.11.1965<br><br>Áit bhreithe: Moscó, Poblacht Shóivéadach Chónaidhmitheach Shóisialach (PSCS) na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach, Montainéagróch, Hondúrach<br><br>Inscne: baineann | Is í Ekaterina Andreeva príomhancaire nuachta theilifís stáit na Rúise. Is í óstach agus príomhaghaidh phoiblí an chláir nuachta 'Vremya' ar 'Channel One' ó 1997 i leith.<br><br>Scaipeann Andreeva bréagaisnéis agus bolscaireacht go rialta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin agus tacaíonn sí le fórsaí armtha na Rúise agus le 'Daon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk', mar a thugtar orthu.<br><br>Molann sí réimeas Putin agus scaipeann sí bréagaisnéis agus bolscaireacht go rialta faoin Úcráin agus faoin Iarthar. Thairis sin, chuir Andreeva 'Direct Line with Vladimir Putin' i láthair faoi dhó in 2001 agus 2007, rinne sí tráchtaireacht ar insealbhú Putin in 2004, 2012, agus 2018, agus fiú rinne sí tráchtaireacht ar pharáid an airm an 9 Bealtaine. Deir Andreeva go scríobhann sí na príomh-phointí tosaigh go léir gan aon eagarthóirí.<br><br>Dá bhrí sin, tá Ekaterina Andreeva freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sí á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 62. | Maria Eduardovna SITTEL<br>(Rúisis: Мария Эдуардовна СИТТЕЛЬ) | Feidhm: láithreoir teilifíse, iriseoir bolscaireachta, agus eagarthóir Rúiseach; óstach an chláir nuachta 'Vesti' ar an gcainéal teilifíse 'Rossiya' ó 2001 i leith; cathaoirleach ar an eagraíocht stáit phoiblí uile-Rúiseach 'Union of Women of Russia'<br>Dáta breithe: 9.11.1975<br>Áit bhreithe: Moscó, Poblacht Shóivéadach Chónaidhmitheach Shóisialach (PSCS) na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Maria Sittel príomhancaire nuachta de chuid theilifís stáit na Rúise. Is í óstach agus aghaidh phoiblí an chláir nuachta 'Vesti' ar an gcainéal teilifíse 'Rossiya' ó 2001 i leith.<br>Bhí Sittel ina hóstach ar shlógaí bolscaireachta in 2022, 2023, 2024, agus 2025 agus íocadh méideanna suntasacha airgid léi as a bheith i láthair. Is léachtóir í in Ostankino Media Institute (scoil bholscaireachta na Rúise).<br>Molann sí réimeas Putin agus scaipeann sí bréagaisnéis agus bolscaireacht go rialta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Tá Sittel ar liosta na '1500 gríosóir cogaidh' (a bhunaigh an 'Free Russia Forum', ar comhdháil de chuid fhreasúra na Rúise é) agus chuir sí 'Direct Line with Vladimir Putin' i láthair in 2015.<br>Dá bhrí sin, tá Maria Sittel freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sí á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 63. | Pavel Aleksandrovich ZARUBIN<br>(Rúisis: Павел Александрович ЗАРУБИН) | Feidhm: iriseoir, comh-óstach ar an gclár 'Moscow. Kremlin. Putin' ar an gcainéal 'Russia 1', láithreoir, agallóir; óstach ar 'Direct Line with Vladimir Putin'<br>Dáta breithe: 7.9.1981<br>Áit bhreithe: Beloretsk, Poblacht Shóivéadach Chónaidhmitheach Shóisialach (PSCS) na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is bolscaire mór le rá Rúiseach é Pavel Zarubin a bhfuil rochtain eisiach aige ar chlár oibre Vladimir Putin. Is é a chuireann an seó 'Moscow. Kremlin. Putin,' i láthair, áit a gcuireann sé agallamh ar Putin agus a molann sé é, agus tugann sé 'ceannaire eisceachtúil' air.<br>Ba é Zarubin an chéad bholscaire a ceadaíodh chun agallamh a chur ar Putin tar éis thús ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Is minic a scaipeann sé bréagaisnéis i gcoinne na hÚcráine, ag tagairt do rialtas na hÚcráine mar 'réimeas', i measc nithe eile.<br>In 2025, rinne Zarubin príomhimeacht bolscaireachta na bliana sin, 'Direct Line with Vladimir Putin' a chomhóstáil.<br>Dá bhrí sin, tá Pavel Zarubin freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sé á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 64. | Roman Vasilyevich CHUMAKOV<br>(Rúisis: Роман Васильевич ЧУМАКОВ) | Feidhm: aisteoir agus amhránaí Rúiseach<br>Dáta breithe: 8.4.1984<br>Áit bhreithe: Moscó, Poblacht Shóivéadach Chónaidhmitheach Shóisialach (PSCS) na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is aisteoir agus amhránaí Rúiseach é Roman Chumakov.<br>Tar éis thús chogadh foghach iomlán na Rúise ar an Úcráin, thacaigh sé go gníomhach le harm na Rúise. Is minic a thugann Roman Chumakov cuairt ar shaighdiúirí ar an túslíne agus scríobhann sé amhráin thírghrácha. Molann agus mórann sé go poiblí Vladimir Putin agus bailíonn sé airgead freisin d'fhórsaí armtha na Rúise. Cáineann Chumakov ealaíontóirí nach dtacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. De réir a dhearcadh domhanda, is náisiún amháin iad an Rúis, an Úcráin agus an Bhealarúis, agus ní mór iad a athaontú. Fuair Chumakov dhá ghradam stáit ó Putin.<br>Dá bhrí sin, tá Roman Chumako freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sé á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | + |

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 65. | Sergey Vladimirovich POLUNIN<br><br>(Rúisis: Сергей Владимирович ПОЛУНИН) | Feidhm: damhsóir bailé agus aisteoir scannáin, iar reachtóir ar Acadamh Cóiréagrafaíochta Sevastopol<br><br>Dáta breithe: 20.11.1989<br><br>Áit bhreithe: Kherson, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na hÚcráine (an Úcráin anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is damhsóir bailé Rúiseach a rugadh san Úcráin, iar-reachtóir ar Acadamh Cóiréagrafaíochta Sevastopol, agus buaiteoir dhuais na Uachtaránachta 'Young Cultural Figures' é Sergey Polunin.<br><br>Ó thús an chogaidh iomláin fhoghaigh ar an Úcráin, thacaigh Polunin go gníomhach le harm na Rúise, lena n-áirítear trí airgead a dheonú d'fhórsaí armtha na Rúise. D'áitigh sé ar dhaoine eile an rud céanna a dhéanamh.<br><br>Glacann Polunin páirt i seónna teilifíse bolscaireachta na Creimile agus i gcainéil blagálaithe idirlín, áit a míníonn agus a gcosnaíonn sé a chreideamh i dteagasc 'an domhan Rúiseach'. Cáineann Polunin ealaíontóirí freisin a d'éalaigh ón Rúis tar éis thús an chogaidh iomláin fhoghaigh ar an Úcráin, agus molann sé ceann na Seisnia Ramzan Kadyrov.<br><br>Dá bhrí sin, tá Sergey Polunin freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá sé á gcur chun feidhme, ag tacú leo agus ag baint tairbhe astu, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht agus den tslándáil san Aontas agus i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach a dhéanamh ar fhaisnéis, agus trí thacú le coinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír. | +'. |

---

+ IO: cuir isteach dáta foilsithe an Rialacháin seo.

PUBLIC